

Aileach

Jackie Mac Donncha



Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An chéad chló 2010
© Cló Iar-Chonnacht 2010

ISBN 978-1-905560-60-8

Dearadh clúdaigh: Little Bird Design
Dearadh: Deirdre Ní Thuathail



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Foras na Gaeilge as
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.






Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.



i gcuimbne an dreama a chuaigh romhainn



Buíochas le Clár na Leabhar Gaeilge as coimisiún a bhronnadh i leith an tsaothair seo. Buíochas le Cló Iar-Chonnacht agus leis an bhfoireann uilig as a gcúnamh, a gcomhairle, a spreagadh agus a ngnáúilacht.

Ba bheag nár thit an t-anam as Bairbre nuair a chonaic sí an sagart ag siúl anuas an bóithrín i dtreo an tí. Cé go raibh barúil mhaith aici go dtiocfadh sé am eicínt, lá eicínt, bhraith sí go raibh a cuid fola ag tréigint a colainne de réir mar a bhí sé ag tarraingt níos gaire.

“Bailígí libh as an mbealach nó go mbeidh an sagart imithe,” a d’fhógair sí ar an mbeirt chlainne, Bríd agus Micheál.

Rug Bríd ar láimh ar Mhicheál agus tharraing, in aghaidh a thola, suas sa seomra beag é. Dhún sí an doras ina diaidh.

Bhí uafás in éadan Bhairbre agus í ag breathnú thart go deifreach ar an gcisteanaich. Thóg sí ceirt den bhord agus chaith isteach sa drisiúr é. Thóg balcaisí éadaigh de dhroim na cathaoireach agus chaith uaithi iad suas sa seomra ina raibh an bheirt óga. Bhí Ciarán, an páiste, ina chodladh sa seomra céanna. Chuir an mháthair fainic ar an mbeirt gan an páiste a dhúiseacht. Bhreathnaigh sí amach an doras oscailte mar a bhreathnódh sionnach a bheadh sáinnithe i bpluais.

Go maithe Dia dom é, ar sí léi féin, ach b’fhearr liom an diabhal féin lena phéire adharc a fheiceáil ag teacht ná é seo. Sheasfainn mo thalamh in aghaidh fhear na n-adharc ach níl seans dá laghad agam leis seo.

Bhí a fhios aici go raibh dhá theach a mbeadh radharc maith acu ar a teach ise. Agus bhí a fhios aici go maith go raibh an sagart feicthe acusan, b'fhéidir, níos túisce ná ise. Mo léan, bhí a fhios acu cá raibh a thriall. Agus an chúis a bhí lena chuairt.

Is dóigh go raibh a fhios ag an bpobal anois é de bharr na seanmóra ag an aifreann Dé Domhnaigh seo caite. Fios ag cách cé a bhí i gceist. Maireann an biadán agus níor chlis a chuid síl ariamh. Agus maireann an náire chomh fada is a mhaireann an saol féin.

Bhí súil ag Bairbre nach dtiocfadh a fear céile ná an chuid eile de na gasúir isteach a fhad is a bheadh an sagart ansin.

Nach uafásach an mí-ádh a bhíonn ar dhaoine thar a chéile, a smaoinigh sí agus cos an tsagairt ar an tairseach. Níor bheannaigh an sagart isteach agus níor oscail Bairbre a béal. Thuig sí nach raibh sé de cheart aici cur as do theachtaire Dé.

“Is dóigh go bhfuil a fhios agat cén t-údar atá le mo chuairt?” ar seisean, ina sheasamh ag an mbord. Tharraing sé cathaoir chuige agus shuigh sé ag ceann an bhoird. Scaoil Bairbre síos í féin ar an gcathaoir ag an gceann eile. Ní raibh sí cinnte ar cheart di labhairt nó nár cheart. Bhraith sí go mbeadh sí dá cur féin i sáinn dá bhfreagróidh sí. Ar ndóigh, bhí an oiread ómóis aici don choiléar agus don chlóca dubh is gur chreid sí nach raibh sé de cheart aici labhairt.

“Bheinn ag déanamh faillí ar an bpobal dá bhfanfainn i mo thost,” ar seisean. Bhí sé ag labhairt go híseal, mar a bheadh le gasúr nó le duine nach mbeadh mórán meabhrach ann. “Tá a fhios agat go

bhfuil croí na Maighdine Muire briste. Go bhfuil sí ag sileadh deor aríst. Tuigeann tú anois go bhfuil an choróin spíne dá casadh agus dá brú ar chloigeann Mhac Dé.” Bhí a ghlór ag ardú de réir a chéile. “Tá a fhios agat go bhfuil na tairní dá dtiomáint isteach sna lámha agus sna cosa aríst. Agus an bhfuil a fhios agat cé atá i ngreim sa gcasúr? D’iníon, a bhean. D’iníon ionúin agus an bastard atá istigh ina bolg!”

D’oscail Bairbre a béal, mar a bheadh sí ar tí rud eicínt a rá.

“Ná labhair, a bhean! Ná labhair nó go mbeidh mo chuid ráite agamsa.”

Chrap colainn Bhairbre sa gcathaoir mar a bheadh seilimide a mbuailfí ruainne salainn air. D’airigh sí an náire ag tógáil ceannais ar a corp. Dá n-osclódh poll san urlár agus í a shlogadh, d’fháilteodh sí roimhe. Thosaigh sí ag gol go ciúin, cé go ndearna sí a seacht míle dícheall cosc a chur leis na deora. Bhí faitíos uirthi go gcuirfeadh sé le taghd an tsagairt. Ach má thug sé faoi deara í, níor lig sé air féin é.

“Tá an eaglais agus an pobal náirithe agaibh. Mo phobalsa. Pobal Dé! Tá Dia trócaireach ach ní bheidh sé éasca an peaca seo a mhaitheamh. Ní mór daoibh troscadh agus aithrí a dhéanamh le súil go dtabharfaidh Dia cluas daoibh.”

D’airigh Bairbre chomh suarach le cac cait ar chosán. D’airigh sí mar nach raibh inti ach feithide ghránna a bhféadfadh an sagart leicíneach a dhéanamh de faoina chois. Cheap sí go raibh colainn an tsagairt ag méadú le chuile abairt dá raibh sé ag cur de nó go raibh sé ag líonadh na cisteanáí.

Bhí an náire mar ualach ar a corp. Bhí faitíos uirthi go bhfeicfeadh sé an marc a bhí fágtha ar an mbord ag an gceirt. Bhí míoltóg ag dordán thart os a gcionn agus bhí faitíos a croí uirthi go luífeadh sí ar an sagart. Bhí náire uirthi faoin mbail a bhí ar an teach.

“Is dóigh go bhfuil a fhios agat nach féidir le d’iníon fanacht sa gceantar seo. Go gcaithfidh sí imeacht! Agus imeacht go luath. B’fhearr dúinn uilig dá mbéarfaí an páiste sin in áit eicínt eile i bhfad ó bhaile. Tá sé sách dona a bheith ag iompar páiste ach bheadh sé i bhfad níos measa dá dtiocfadh an páiste sin ar an saol anseo sa bparóiste. Caithfidh mise a thaispeáint go bhfuil mé i gceannas ar mo thréad. Taispeáin thusa go bhfuil tú i gceannas ar d’iníon, rud nár thaispeáin tú go dtí seo. Sé an áit is fearr do d’iníon, anois, ná an Magdalene Asylum. Déanfaidh mise na socruithe sin mé féin. Beidh deis aici a purgadóir a dhéanamh ann. Beidh sí in ann aithrí mhaith a dhéanamh san áit sin. Glanfar agus sciúrfar an peaca marfach sin atá ar a hanam. Glanfar a croí agus a corp agus, b’fhéidir, le cúnaimh ó Dhia, go mbeadh áit di sna flaithis lá eicínt.”

Nuair a luaigh an sagart an Magdalene Asylum, tháinig anbhá ar Bhairbre. Ní raibh mórán eolais aici, ná ag aon duine, faoin eagraíocht, ach bhí ráflaí ann a dúirt nach dtagadh aon duine ar ais ón Magdalene Asylum. Agus bhí sé ráite nach bhfeiceadh máthair a páiste aríst go brách, mar go scartaí ó chéile iad agus go dtugtaí an páiste do dhaoine eile le tógáil.

Bhí a ceann cromtha ag Bairbre, í ag cuimilt bos a láimhe lena hordóg. Níorbh é seo a bhí leagtha amach aici dá hiníon.

“Tá mo chuid ráite agam. Tá súil agam nach mbeidh orm a theacht aríst!” Bhí an sagart imithe amach mar a tháinig sé isteach, mar shiolla gaoithe. D’fhan a bholadh sa gcisteanach.



Sa seomra, chuala Bríd chuile fhocal dár tháinig ó bhéal an tsagairt. Chuala Micheál cuid mhaith de freisin, agus cé nach raibh sé ach ocht mbliana d’aois, thuig sé go maith go raibh olc ar an sagart agus go raibh an t-olc sin díríthe ar a mháthair.

Bhí radharc ag Bríd amach tríd an bhfuinneog agus chonaic sí an sagart ag dul suas an bóthar. Ba é Micheál an chéad duine a labhair.

“Cén fáth a raibh an sagart ag troid le Mama?” ar sé go híseal lena dheirfiúr.

“Ní troid a bhí ann, a Mhichíl. Is mar sin a labhrann an sagart.”

“Ach bíonn glór difriúil aige le linn an aifrinn,” arsa Micheál. “Ní mar sin a bhí a ghlór an lá a raibh sé ag cur na gceisteanna ormsa.”

“Ceisteanna?” arsa Bríd. “Cén sórt ceisteanna a bhí sé a chur ortsa?”

“Cúpla seachtain ó shin. Théis dom a bheith ag freastal ar an aifreann. Dúirt sé liomsa fanacht. Lig sé ar ais go dtí an scoil an buachaill eile. Thart ar chúl theach an phobail a thug sé mé. Bhí muid ag siúl siar is aniar. Chéap mé gur mar gheall ar an bhfíon – ólann mé féin agus an leaid eile braon fíona scaití sula

dtagann an sagart isteach sa sacraistí ar maidin, braon beag bídeach – bhí faitíos orm go bhfuair sé an boladh.”

“Ach cén sórt ceisteanna a chuir sé?” Bhí Bríd ar bís.

“D’fíafraigh sé díom an mbíodh tusa ag dul amach san oíche. D’fíafraigh sé díom cé mhéid seomra sa teach seo, agus cén áit a gcodlaíonn muid uilig. D’fíafraigh sé cé a bhí ag codladh le chéile.”

“Agus céard a dúirt tú leis?” arsa a dheirfiúr.

“Dúirt mise nach raibh a fhios agam. Chuir sé na ceisteanna céanna aríst orm agus dúirt mé leis nach raibh a fhios agam. D’éirigh sé an-mhífhoighdeach liom théis tamaill agus dúirt sé liom a dhul ar ais chuig mo rang sa scoil!”

“Cén fáth nár inis tú é seo dúinn cheana?” arsa a dheirfiúr leis.

“Bhí faitíos orm go bhfaighinn leadóg faoin gcluais,” arsa Micheál. “Sé an chaoi a maródh Mama nó Deaide mé.”

“Is dóigh go raibh an ceart agat. Ní chreidfí thú ar aon bhealach.”

“Ná hinis do Mhama ná do Dheaide é, a Bhríd,” a d’impigh an buachaill beag.

“Níl baol orm,” arsa Bríd, “tá a ndóthain trioblóide acu gan a bheith ag cur leis.”

Leag sí a lámh go cineálta ar a bolg agus thosaigh dá chuimilt go ciorclach. Bhí an leanbh taobh istigh ag priocadh agus ag ciceáil níos mó ná ariamh.

“Fan anseo ar fhaitíos go ndúiseoidh Ciarán,” ar sí lena deartháir.

Ní raibh mórán foinn ar an mbuachaill fanacht mar a bhí sé ach ní dhearna sé aon chasaoid.

Bhí Bairbre fós ina suí ag an mbord nuair a tháinig Bríd anuas as an seomra. Bhreathnaigh an bheirt bhan ar a chéile. An mháthair agus an iníon. Bhí a fhios ag chaon duine acu nár ghá don duine eile labhairt.

Bhí éadan na máthar mar a bheadh sí théis a hanam a bheith díolta aici leis an diabhal.

Bhraith Bríd go raibh boladh coimhthíoch sa gcisteinach anois.



Bhí fuarallas ar Bhríd nuair a shuigh sí suas go tobann sa leaba. Bhí sí théis bríonglóid ghránna a bheith aríst aici. Sa mbríonglóid, bhí sí ina luí ar an gcnocán i nGarraí an Tobair, í lomnacht. Bhí sluaite daoine ag siúl thart timpeall uirthi. D'aithin sí chuile dhuine acu. B'as a baile féin iad. Bhí fír, mná agus gasúir óga ann. Iad ar fad ag monabhar ach chuala sí go soiléir gach dá raibh á rá acu: “Imigh, a Bhríd. Imigh leat as an áit seo. Tá muid náirithe agat. Beidh faoiseamh againn agus tú imithe. Níl ionat ach mar a bheadh fiabhras ann. Tá scamall mór dubh os cionn na háite. Imigh leat agus imeoidh an scamall.”

An oíche roimhe sin ba é an scéal céanna é. Ach sa mbríonglóid bhí an páiste ag teacht ar an saol. Bhí an páiste ag labhairt nuair a rugadh é, ag béiceach in ard a ghutha, “Cén fáth go ndearna tú é seo, a Mhama, mise a thabhairt ar an saol agus gan tú pósta?” Léim

an páiste amach tríd an bhfuinneog agus as go brách leis. Chaith sí an chuid eile dá saol dá thóraíocht ach ní raibh fáil air in aon áit.

Bhí an ceann ba mheasa aici an oíche sin théis chuairt an tsagairt ar a máthair: bhí sí sa scuaine a bhí ag dul i dtreo na haltóra chun an chomaoineach a ghlacadh. Chuaigh sí ar a glúine ag na ráillí mar a chuaigh chuile dhuine eile. Bhí an sagart ag dul anonn is anall ag tabhairt amach an chomaoineach, ach nuair a tháinig sé chomh fada léi, níor stop sé, ach lean air chuig an gcéad duine eile. Cheap sí gur dearmad a rinne an sagart agus d’fhan sí ar a glúine. Nuair a tháinig sé chomh fada léi aríst, stop sé. “Éirigh suas as sin, agus imigh leat amach as teach Dé! Tá an diabhal istigh ionat. Imigh leat agus ná bí ag tabhairt drochshampla do dhaoine cráifeacha sa séipéal!”

Shiúil sí síos idir na suíocháin, a bhí plódaithe le daoine. A héadan ar lasadh leis an náire a bhí uirthi. A bolg ag méadú agus ag méadú le chuile choiscéim dár thóg sí. Bhí a bolg chomh mór ar deireadh nár léir di an doras amach. Thosaigh adharca ag fás as a bolg. Adharca fada gránna, iad ag casadh agus ag lúbadh chuile threo. Bhí daoine ag cogarnaíl agus í ag dul tharstu, “Tá an diabhal istigh inti. Tá an diabhal istigh inti. Tá an diabhal istigh inti.”

Bhí na gasúir ag síneadh méire agus ag gáire. Bhí gáire na ngasúr ag ardú agus ag ardú nó go raibh an séipéal lán leis. Ní raibh ballaí an tséipéil in ann an brú a sheasadh, agus phléasc an gáire amach nó gur scaip ar fud an cheantair. Bhí an gáire ag titim mar chlocha géara sneachta ar an bparóiste ar fad.



Bhí pianta beaga ag priocadh ar Bhríd ó mhaidin. Pianta beaga géara nach mairfeadh i bhfad. Thart ar mheán lae, bhíodar ag teacht níos minicí. Bhíodar mar a bheadh crampaí ann. Agus sin a dúirt a máthair nuair a d’inis Bríd di nach raibh sí ag aireachtáil go maith.

“Níl tú ach ocht mí,” arsa Bairbre lena hiníon, í ag iarraidh foighid a chur inti. “Ní mhairfidh na pianta sin i bhfad. Ba cheart duit luí ar an leaba go ceann tamaill. B’fhéidir go ndearna tú an iomarca oibre inniu.” Obair an tí a bhí ar siúl ag Bríd le tamall anuas agus a máthair ag tabhairt cúnamh taobh amuigh ar an bhfeirm. Bhí cleachtadh mhaith ag an mbeirt ar obair chrua, istigh agus amuigh.

Thóg sí comhairle a máthar agus thug an seomra, agus an leaba, uirthi féin. Ach níor mhaolaigh an leaba na pianta. Faoi thráthnóna bhí lúb ar a colainn le pianta damanta. Ní raibh maith di luí agus ní raibh maith di éirí. Ba é a barúil féin go raibh an páiste réidh le theacht ar an saol, cé nach raibh a haimsir caite ná baol air.

Faoi dheireadh, d’éirigh sí agus shuí sí ar cholba na leapan. Gan súil aici leis, d’airigh sí an t-uisce te ag scairdeadh síos idir a dhá cois. Lig sí scread chráite ar a máthair, a bhí sa gcisteanach. Chuaigh an scread ar fud an tí. Scread a cheap a máthair a chuaigh ar fud na tíre, agus í féin ag rith i dtreo an tseomra.

Nuair a chonaic an mháthair céard a bhí ag tarlú, chuir sí iachall ar Bhríd luí siar ar an bpiliúr. Bhí strainc ar éadan a hiníne le pian. Ghlaoigh an mháthair ar Cholm, an mac ba shine.

“Rith siar tigh Mhicil agus abair le Mary a theacht chomh sciobtha agus is féidir léi. Níl aon chall duit tada eile a rá.”

Rith sé trí intinn Bhairbre nach raibh rudaí ag titim amach mar a bhí socraithe ag an sagart. Ach seo rud amháin nárbh fhéidir a chur ar ceal.

Chuaigh sí síos chun na cisteanáí. Tháinig ar ais le mias a raibh uisce bog ann agus éadach bán tumtha síos ann. D’fháisc sí an t-éadach agus thosaigh sí dá chuimilt ar bhaithis Bhríde. Bhí Bairbre théis naonúr clainne a thabhairt ar an saol go dtí seo. Cheap sí nach raibh Bríd ach ocht mí, ach b’fhéidir go ndeachaigh muid amú sna dátaí, ar sí ina hintinn féin. Bhí an leanbh seo réidh le theacht, bhí sí cinnte de.

Bhí Bríd bhocht in anchaoi ar an leaba. Bhí sí ag aireachtáil chomh traochta is gur cheap sí go raibh sí le bás a fháil noiméad ar bith. Scaití bhí na pianta chomh dian is go bhfáilteodh sí roimh an mbás. Ar éigean a chuala sí na glórtha nuair a tháinig Mary isteach sa seomra. Cheap sí go raibh an seomra lán le ceo agus le daoine, iad ag siúl anonn is anall, síos agus suas, ag cogarnaíl. Chuala sí í féin ag geonaíl, ansin ag béiceach go hard, ag screadach amach sa gceo, ag iarraidh cabhair ar Dhia agus ar na naoimh.

Ní raibh a fhios aici céard a bhí ag tarlú ag íochtar na leapan, má bhí tada. D’airigh sí duine eicínt ag cuimilt ceirt fhliuch ar a héadan a thug faoiseamh beag

di. Bhí brú millteach ar a bolg agus daoine ag béiceach uirthi brú tuilleadh. Chuala sí a máthair ag fógairt ar a hathair a dhul amach as an seomra. Ansin ag glaoch ar ais air, ag rá leis tuilleadh uisce a thabhairt isteach.

Bhí idir cheo agus bháisteach sa seomra anois. D'airigh Bríd í féin ag sciarradh le fána, fána a bhí chomh sleamhain le leac oighir. Síos, síos le fána. Chuala sí scread léanmhar agus thit in aghaidh a cos isteach san uisce fuar. D'airigh sí í féin ag ardú aríst go barr uisce. Cheap sí gur chuala sí scread bheag eile ach bhí lámha dá brú síos, síos, síos, nó gur luigh sí ar shlat a droma ar an ngrinneall. Chonaic sí éadain ar bharr uisce ag breathnú anuas. Bhí éadan an tsagairt ar cheann acu, agus chonaic sí coinneal ag spréacharnaíl.



Gíoscán an dorais an chéad rud a chuala a cluasa agus a thug uirthi a súile a oscailt. An chéad rud a chonaic sí ná stumpa de choinneal ar an mbord beag lena taobh. Ní raibh sí ar lasadh. An chéir go tiubh ar an bpíosa beag a bhí fanta. D'aithin sí ón solas nádúrtha a bhí sa seomra go raibh sé ina lá.

Bhain pian nimhneach osna aisti agus í ag iompú sa leaba, ag breathnú i dtreo an dorais. Ar iompú di mhothaigh sí go raibh a corp folamh. Ansin a tháinig an oíche roimhe sin ar ais agus mhothaigh sí pléisiúr nár mhothaigh sí ariamh roimhe sin.

Máthair! Máthair! ar sí léi féin.

“Tá mé i mo mháthair!” Bhí aoibhneas ina héadan, í ag breathnú i dtreo an dorais.

Bhí a máthair ina seasamh sa doras, agus a hathair ins sheasamh ar a cúl. An chéad gharpháiste, agus iad chomh hóg fós! Ba cheart go mbeadh an sonas le léamh ar a n-éadan. Ach ní fhaca Bríd é. Bhí a teanga i bhfostú ina béal leis an triomach.

“Mo leanbh,” arsa Bríd go lag, “spáin dom mo leanbh.”

Shiúil a máthair go drogallach i dtreo na leapan.

“Tá do leanbh marbh, a stór,” a deir a máthair.

“Tabhair dom mo leanbh,” arsa Bríd aríst.

Bhreathnaigh Bríd ar a hathair, le súil go mbeadh sé in ann chuile shórt a chuir ina cheart. Go ndéarfadh sé go raibh an leanbh ina codladh go fóill beag. Ach bhí a cheann faoi aige. Ní raibh sí ábalta a éadan a fheiceáil.

“Cá bhfuil mo leanbh, a Dheaid?” a scread sí. Chroch a hathair a cheann agus dhearc sé sna súile uirthi.

D’fháisc Bríd a súile go crua, tharraing a glúine suas i dtreo a smige, chuir a dhá lámh thart ar a cloigeann agus rinne ceirtlín di féin sa leaba. D’airigh sí mar a bheadh géagán deilgneach dá tharraingt trasna ar a croí.



Teach agus comhluadar coimhthíoch a bhí ann ó thitim tráthnóna. Thug Bríd an coimhthíos faoi deara níos mó ná aon duine eile. Bhí an teach mar a bheadh teach tórraimh ann. Fíorbheagán cainte. Agus rud ar bith a dúradh ba i gcogar a dúradh é, mar a bheadh

faitíos go gcuirfí as don mharbhán. Nó go ndúiseofaí páiste a bheadh ina chodladh. Cé nach raibh mórán solais ón lampa a bhí crochta ar an mballa, bhraith Bríd go raibh cúinní dorcha sa teach anocht nach raibh ann ariamh cheana. Agus cé go raibh tine mhór bhreá ar an teallach, d'airigh sí fuar.

Fiú an páiste óg, Ciarán, nach raibh ach trí bliana d'aois, bhí sé mar a bheadh lagmhisneach air: ina dhúiseacht sa gcliabhán ach gan gíog as.

Bhí an gadhar ina luí os comhair na tine dá ghoradh féin, agus scaití, d'osclódh sé a shúile agus bhreathnódh thart ar an líon tí mar a bheadh sé ag fiafraí cén t-údar a bhí leis an atmaisféar aisteach seo a bhí thart air anocht. Bhí sé ar nós an chailm mhínádúrtha sin a thagann roimh an stoirm.

Bhí an mháthair ag níochán soithí, na soithí céanna a nigh sí leathuair roimhe sin agus gan aon úsáid bainte astu ó luath sa tráthnóna. An t-athair ag gríosú na tine, tine nár theastaigh aon ghríosú uaithi. Gan smid as aon duine. Gan de thorann sa teach ach torann na soithí sa mias agus an tlú ag scríobadh an iarta.

Bríd féin, bhí sí mar a bheadh cearc ghoir ann. Bhí sí ina suí leis an doras dúnta, gan de mhisneach aici corraí ar an stól. Bhí a fhios aici dá ndéanfadh sí cor, go stopfadh chuile dhuine ar an toirt agus go n-iompóidís ina treo.

Bhí Máirín, a bhí cúig bliana níos óige ná Bríd, ina suí ar an urlár gar don áit a raibh an gadhar. Bhí cóipleabhar scoile os a comhair, ag a cosa. Bhí sí in ainm is a bheith ag déanamh ceachtanna. Bhí peann luaidhe ina láimh agus í dá tharraingt anonn is anall

san oscailt bheag a bhí idir leacracha an teallaigh. Anois is aríst d'ardaíodh sí a cloigeann agus bhreathnaíodh sí ar Bhríd.

Bhí cúigear eile den chlann thart ar an mbord, ag roinnt trí chathaoir le chéile. Bhí Colm, an buachaill ba shine, imithe ag cuartaíocht.

“Cén fáth a gcaithfidh Bríd a dhul go Meiriceá, a Mhama?”

Bhí an ciúneas a bhí sa teach chomh domhain is gur léim chuile dhuine ag an am céanna agus bhreathnaigh siad ar an té a labhair. Fiú an gadhar, chas a shúile i dtreo an bhoird.

Aindriú, duine de na buachaillí ag an mbord, a labhair. Maidin an lae sin a dúradh leis an gcuid eile den chlann go mbeadh Bríd ag imeacht go Meiriceá an lá arna mháireach.

Bhreathnaigh Bairbre ar a mac. Bhí a fhios aici go gcuirfí ceisteanna mar seo ach ní raibh sí cinnte cén freagra a thabharfadh sí.

“Mar go gcaithfidh sí, sin an fáth,” arsa an mháthair, agus fios aici nach freagra maith a bhí ann.

“Ach cén fáth go gcaithfidh sí?” a deir Máirín. Bhí misneach ag teacht dóibh anois.

“Mar is í an duine is sine í. Agus imíonn an duine is sine i dtosach.” Ghoin sé go croí í a leithéid a rá agus bhí súil aici nár thug aon duine faoi deara í.

“An mbeidh Colm ag imeacht ina diaidh, mar sin?” arsa Máirín.

“Níl a fhios agam, a stór,” arsa a máthair.

“An bhfuil Meiricea i bhfad ó bhaile, a Mhama?” Antoine a labhair an uair seo.